



IARRATAS CHUN LEASÚ A DHÉANAMH AR DHEONÚ CEADAITHE ARNA EISIÚINT DO SHOLÁTHRAÍ SEIRBHÍSÍ AR AN TALAMH NÓ DO SHOLÁTHRAÍ FÉINSEIRBHÍSÍ

Ainm Shealbhóir an Cheadaithe	
Uimhir Cheadaithe na Seirbhísí ar an Seoladh	
Ainm Teagmhála	
Uimhir Theileafóin	
Seoladh R-phoist	

Déanaimse, an duine thíos-sínithe, a dhearbhú go bhfuil, ar feadh m'eolais agus mo thuairime, na sonraí a tugadh fíor agus iomlán.¹

Sínithe: _____

Post²: _____

Dáta: _____

¹ N.B. Moltar d'iarratasóirí a bheith an-chúramach go bhfuil na sonraí ar fad a thugtar suas chun dáta.

² Ní mór, más trádálaí aonair atá i gceist, go síneodh an trádálaí aonair an fhoirm seo, nó más comhpháirtíocht atá i gceist go síneodh gach páirtí den chomhpháirtíocht í nó más cuideachta atá i gceist go síneodh Rúnaí na Cuideachta nó Stiúrthóir í.

NÓTA TÁBHACHTACH:

Ba cheart an fhoirm iarratais seo a chomhlánú **ina hiomláine** agus níor cheart aon cheist a fhágáil gan fhreagra. Más gá, luaigh “neamhbhainteach”, “ceann ar bith” srl. Ba cheart an t-iarratas comhlánaithe a sheoladh ar ais chuig:

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta,
3^ú hUrlár,
Teach Alexandra,
Ardán Phort an Iarla,
Baile Átha Cliath 2.
Teil: +353 1 6611700
Facs: +353 1 6611269
R-phost: groundhandling@aviationreg.ie

Ba cheart iarratais ar leasú a dhéanamh don Choimisiún sula dtéitear i mbun gníomhaíochtaí nó oibríochtaí nua ag an suíomh aerfoirt nua. Tabhair ar a laghad dhá sheachtain do phróiseáil an iarratais; tá sé tábhachtach go mbeadh a dhóthain ama ag an gCoimisiún chun an t-iarratas a scrúdú.

Chomh maith le leasú a fháil ón gCoimisiún, ní mór d'iarratasóirí teagmháil a dhéanamh le comhlacht bainistithe an aerfoirt san aerfort ábhartha chun a chinntiú go gcomhlíonann siad riachtanais an aerfoirt maidir le seirbhísí breise a chur ar fáil ag na suíomhanna/an suíomh aerfoirt reatha, nó ag an suíomh aerfoirt nua. Tugtar liosta d'aonaid Sheirbhísí ar an Talamh in Aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne ar leathanach 5.

AN CINEÁL LEASAITHE ATÁ Á LORG (CUIR TIC DE RÉIR MAR IS IOMCHUÍ):

<p>Na gníomhaíochtaí seirbhísí ar an talamh a chur leis an Deonú Ceadaithe reatha</p> <p>(Luaigh le do thoil na gníomhaíochtaí ar mhaith leat a chur leis trí na Sceidil ceangailte le deireadh na foirme seo a chomhlánú.)</p>	
<p>Suíomh aerfoirt nua a chur leis an Deonú Ceadaithe reatha</p> <p>Luaigh le do thoil cén t-aerfort/aerfoirt ar mhaith leat a chur leis an Deonú Ceadaithe reatha*: _____</p> <p>(*Leasú chun an suíomh aerfoirt is gá do Sholáthraithe Seirbhísí ar an Talamh amháin a chur leis an Deonú Ceadaithe reatha)</p>	

SONRAÍ LE SOLÁTHAR AG AN IARRATASÓIR (LE CUR AR BHILEOGA AR LEITH)

MÍR 1 – CUNTAIS

Ní mór an tsraith is déanaí de chuntais bhainistíochta an iarratasóra a chur leis na hiarratais ar leasú chomh maith leis na cuntais bhliantúla iniúchta do bhliain airgeadais is déanaí na cuideachta (murar cuireadh ar fáil don Choimisiún cheana féin iad).

MÍR 2 – PLEAN GNÓ

- (I) Cuir plan gnó ar fáil le do thoil a léiríonn tionchar na ngníomhaíochtaí/an tsuímh aerfoirt nua ar chúrsaí airgid na cuideachta don 12 mhí atá le teacht. Ba cheart na sonraí seo a leanas a chur sa phlean gnó:
- a) Cuntas Réamh-Mheasta Brabúis & Cailteanais agus Clár Comhardaithe;
 - b) Ráiteas réamh-mheasta maidir le sreafaí airgid míosúla;
 - c) Sonraí maidir le haon chonarthaí a síníodh i dtaca le soláthar seirbhísí nua nó maidir leis an suíomh aerfoirt nua.

I leith a) agus b) thuas, ní mór na hoibríochtaí agus cúltacaí ar fad do na figiúirí a sholáthraítear a chur isteach mar go mbeidh ar an gCoimisiún an dóigh ar tiomsaíodh na figiúirí a soláthraíodh a scrúdú. Go hídéalach, ba cheart mionsonrú den ioncam/caiteachas réamh-mheasta a chur san áireamh. Liostaítear sampla de roinnt de na sonraí réamh-mheastacháin a bhfuil súil againn le hiad a fháil thíos:

- Ioncam:
 - Sonraí faoin dóigh a n-ardaítear ioncam trí chonarthaí (sínithe nó réamh-mheasta)
- Caiteachas:
 - Páchstais, mionsonraithe de réir ball foirne/gráid/róil
 - Costais oiliúna, mionsonraithe de réir ball foirne/gráid/róil
 - Costais oibriúcháin, amhail trealamh, breosla, árachas srl.
 - Costais oifige, amhail cíós, fóntais srl.

MÍR 3 – INNIÚLACHT THEICNIÚIL

- (I) Tabhair liosta d'aon trealamh nua a bheidh ag teastáil chun na gníomhaíochtaí a chur ar fáil/chun oibriú ag an suíomh aerfoirt nua agus tabhair ráiteas faoi bheartas an iarratasóra ó thaobh nósanna imeachta oibriúcháin agus cothabhála maidir leis an trealamh nua (m.sh. ráiteas a dheimhníonn go ndéanfar an trealamh ar fad (lena n-áirítear feithiclí) a chothabháil de réir mholtaí agus riachtanais an déantúsóra, polasaí maidir le cothabháil feithiclí agus trealaimh, agus nósanna imeachta chun fadhbanna cothabhála a thuairisciú srl.)
- (II) Tabhair sonraí le do thoil faoin bhfoireann atá ar fáil ag an iarratasóir chun na gníomhaíochtaí breise a chur ar fáil/chun oibriú ag an suíomh aerfoirt nua. Ba cheart na caighdeáin atá ag an iarratasóir maidir leis an leibhéal scileanna is gá do gach feidhm ar leith a leagan amach agus eolas a thabhairt faoi chlár oiliúna an iarratasóra do na ról nua/don suíomh aerfoirt nua.
- (III) Cuir cóip nuashonraithe de do Ráiteas Sábháilteachta ar fáil, le do thoil, a ullmháidh de bhun an Achta Éireannaigh um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, chun na gníomhaíochtaí breise beartaithe agus/nó an suíomh aerfoirt nua a léiriú. Ní mór Measúnuithe Riosca nuashonraithe a chur san áireamh leis an Ráiteas Sábháilteachta, measúnuithe a léiríonn gur aithníodh aon ghuais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí/leis an suíomh aerfoirt nua agus gur glacadh na céimeanna is gá chun na guiseacha sin a mhaolú.

MÍR 4 – ÁRACHAS

Iarr ar d'árachóir le do thoil a dhearbhú don Choimisiún i scríbhinn go ndearnadh na polasaithe árachais atá ag an gcuideachta faoi láthair a shíneadh agus/nó a leasú mar is cuí ar mhaithe leis na gníomhaíochtaí agus/nó suíomhanna aerfoirt nua ar fad a chumhdach.

MÍR 5 – TÁILLE LEASAITHE

Tabhair faoi deara le do thoil go mbaineann táille leasaithe le hiarratais a dhéanamh ar athrú ar Dheonú Ceadaithe:

Táille Leasaithe do Cheadú: €812.00

Tabhair faoi deara go ndéanfar táilliatá infheidhme do Sheirbhísíar an Talamh a choigeartú gach bliain de réir athraithe a tharlaíonn don Phraghasinnéacs Tomhaltóirí (CPI).

Modhanna Íocaíochta:

Ba cheart na táillíarratais a íoc ag an am céanna a bhfuil d'iarratas á dhéanamh agat tríRíomhaistriú Airgid (RAA) a dhéanamh chuig cuntas bainc an Choimisiúin. Seo a leanas na sonraí Cuntais Bainc:

Banc: Banc na hÉireann, 2 Faiche an Choláiste, Baile Á tha Cliath 2.

Ainm an Chuntais: An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

BIC: BOFIE2D

IBAN: IE91 BOFI 9000 1719 4106 83

Más gá, féadfaidh an Coimisiún sonrasc a eisiúint don táille leasaithe.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon táille a íoctar maidir le hiarratais ar leasú in-aisíochta.

NÓTAÍ

1. Moltar do chuideachtaí teagmháil a dhéanamh leis an údarás aerfoirt ábhartha d'fhonn na leasuithe atá beartaithe dá gCeaduithe Seirbhísí ar an Talamh a chomhordú. Féach thíos chun sonraí teagmhála na n-aonad Seirbhísí ar an Talamh in aerfoirt Bhaile Átha Cliath, na Sionainne agus Chorcaí a fháil:

AERFORT BHAILE ÁTHA CLIATH:

Duine Teagmhála: Anthony Prior

Teideal: Feidhmeannach na Seirbhísí ar an Talamh & an Lasta

Líne Dhíreach: +353 (0)87 354 0577

R-phost: anthony.prior@dublinairport.com

Uimh PABX an Aerfoirt: +353 (0)1 8141111

Nasc chuig Foirm Riachtanais Sheirbhísí ar an Talamh Aerfort Bhaile Átha Cliath:

<http://www.dublinairport.com/gns/about-us/doing-business-with-us/ground-handler-application.aspx>

AERFORT NA SIONAINNE:

Duine Teagmhála: Niall Maloney

Teideal: Stiúrthóir Oibríúcháin an Aerfoirt

Líne Dhíreach: +353 (0) 61 712108

Facs Díreach: +353 (0) 61 712282

R-phost: niall.maloney@shannonairport.ie

Uimh PABX an Aerfoirt: +353 (0) 61 712000

Nasc chuig Foirm Riachtanais Sheirbhísí ar an Talamh Aerfort na Sionainne:

<https://www.shannonairport.ie/corporate/operations/ground-handling/ground-handling-applications/>

AERFORT CHORCAÍ:

Duine Teagmhála: Eamon O'Donovan

Teideal: Bainisteoir Oibríochtaí

Líne Dhíreach: +353 87 7117586

R-phost: eodonovan@corkairport.com

Uimh PABX an Aerfoirt: +353 (0) 21 4313131

Nasc chuig Foirm Riachtanais Sheirbhísí ar an Talamh Aerfort Chorcaí:

<https://www.corkairport.com/do-business-with-us/airport-suppliers/ground-handling>

2. Nuair a scrúdaíonn an Oifig seo an t-iarratas, d'fhéadfadh sé gur gá dúinn teagmháil a dhéanamh leis an iarratasóir le ceisteanna faoin iarratas a chur nó chun faisnéis bhreise a bhaineann leis an iarratas a fháil. Déanfaidh an Coimisiún a leithéid de cheisteanna a chur scríbhinn agus déileálfar leo go tráthúil. **Tabhair do d'Aire le do thoil:** Mura ndéanann an t-iarratasóir teagmháil leis an Oifig seo i dtaobh na gceisteanna nó na n-iarratas a dhéanaimid ar fhaisnéis bhreise faoi cheann thréimhse **trí mhí** nó níos lú, glacfar leis go bhfuil sé éirithe as an iarratas agus iarrfar air iarratas úr a chur isteach agus an táille ábhartha a íoc ina leith.
3. Tá an Coimisiún faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 (arna leasú). Gabhann an Coimisiún de lámh a lándícheall a dhéanamh chun aon fhaisnéis a chuireann tú ar fáil san iarratas seo a choinneáil faoi rún de réir oibleagáidí an Choimisiúin faoin dlí, lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise. Más mian leat nach nochtfaí aon chuid den fhaisnéis a chuireann tú ar fáil san iarratas seo, de bharr a íogaire atá sí, ba cheart duit í a shainaithint agus na cúiseanna a bhfuil sí íogair a shonrú.

SCEIDEAL I

Cuir tic sa bhosca ábhartha maidir le gach fochatagóir ar leith.

1. Riarachán agus Maoirseacht ar an Talamh	Féinseirbhísí	Láimhseáil Tríú Páirtí
1.1 Seirbhísí ionadaithe agus teagmhála le húdaráis áitiúla nó le haon eintiteas eile, íocaíochtaí thar ceann úsáideoirí aerfoirt agus cur ar fáil spás oifige dá n-ionadaithe.		
1.2 Rialú ualaigh, cur teachtaireachtaí agus teileachumarsáid.		
1.3 Láimhseáil, stóráil agus riarachán ghaireas aonad-ualaigh.		
1.4 Aon seirbhísí maoirseachta roimh, le linn nó tar éis na heitilte agus aon seirbhís riaracháin a éilíonn an t-úsáideoir aerfoirt, seachas iad siúd atá leagtha amach in 1.1, 1.2 and 1.3.		
2. Láimhseáil Paisinéirí		
2.1 Aon chineál cabhrach do phaisinéirí atá ag teacht, ag imeacht, ag aistriú nó ar idirthuras lena n-áirítear ticéid agus doiciméid taistil a sheiceáil, bagáiste a chlárú agus é a iompar go dtí an limistéar sórtála.		
3. Láimhseáil Lasta agus Poist		
3.1 Maidir le Lasta: na doiciméid bhainteacha a láimhseáil, nósanna imeachta custaim agus cur i bhfeidhm aon nós imeachta slándála a chomhaontaítear idir na páirtithe nó a bhfuil gá leo sna cúinsí atá ann.		
3.2 Maidir le Post: na doiciméid bhainteacha a láimhseáil agus cur i bhfeidhm aon nós imeachta slándála a chomhaontaítear idir na páirtithe nó a bhfuil gá leo sna cúinsí atá ann.		
4. Seirbhísí Aerárthaigh		
4.1 Glanadh taobh amuigh agus taobh istigh den aerárthach, agus na seirbhísí leithris agus uisce.		
4.2 Fuarú agus téamh an chabáin, sneachta agus leac oighir a bhaint, dí-oighriú an aerárthaigh.		
4.3 An cabán a atheagrú le trealamh cabáin oiriúnach agus an trealamh sin a stóráil.		
5. Cothabháil Aerárthaigh		
5.1 Gnáthseirbhísí cothabhála a chuirtear i gcrích roimh eitilt.		
5.2 Seirbhísí cothabhála neamhghnácha a éilíonn an t-úsáideoir aerfoirt.		
5.3 Soláthar agus riarachán páirteanna breise agus trealaimh chuí.		
5.4 Éileamh nó áirithint páirceála oiriúnaí agus/nó spáis haingir.		

6. Oibríochtaí Eitilte agus Riarachán Criúnna		
6.1 Ullmhúchán na heitilte ag an aerfort imeachta nó ag aon phointe eile.		
6.2 Cúnamh eitilte, lena n-áirítear athsheoladh más gá.		
6.3 Gníomhaíochtaí iar-eitilte.		
6.4 Riarachán Criúnna.		
7. Iompar ar an Talamh		
7.1 Eagrúchán agus cur i gcrích iompair criúnna, paisinéirí, bagáiste, lastais agus poist idir críochfoirt éagsúla san aerfort céanna, ach gan an t-iompar céanna idir an t-aerárthach agus aon phointe eile laistigh de limistéar an aerfoirt chéanna a bheith san áireamh.		
7.2 Eagrúchán agus cur i gcrích iompair speisialta a éilíonn an t-úsáideoir aerfoirt.		
8. Seirbhísí Lónadóireachta		
8.1 Idirghabháil le soláthraithe agus leis an mbainistíocht riaracháin.		
8.2 Stóráil bhia agus deochanna agus an trealamh a theastaíonn chun iad a ullmhú.		
8.3 Glanadh an trealaimh a theastaíonn i gcás 8.2.		
8.4 Ullmhúchán agus seachadadh trealaimh chomh maith le soláthairtí beáir agus bia.		

SCEIDEAL II

Cuir tic sa bhosca ábhartha maidir le gach fochatagóir ar leith.

1. Láimhseáil Bagáiste	Féinseirbhísí	Láimhseáil Tríú Páirtí
1.1 Bagáiste a láimhseáil sa limistéar sórtála, é a shórtáil, é a ullmhú le haghaidh imeachta, é a lódáil ar agus a dhílódáil as na gairis a úsáidtear chun é a iompar ón aerárthach chuig an limistéar sórtála nó a mhalairt, chomh maith le bagáiste a iompar ón limistéar sórtála chuig an limistéar athghabhála.		
2. Láimhseáil Lasta agus Poist		
2.1 Láimhseáil fhisiciúil de lasta agus post cibé an lasta nó post isteach, amach nó le haistriú é, idir an críochfort agus an t-aerárthach.		
3. Láimhseáil Rampaí		
3.1 An t-aerárthach a thionlacan ar an talamh agus é ag teacht nó ag imeacht.		
3.2 Cúnamh a thabhairt do pháirceáil aerthárthaigh agus gairis oiriúnacha a chur ar fáil.		
3.3 Cumarsáid idir an t-aerárthach agus an soláthraí seirbhísí taobh an aeir.		
3.4 An t-aerárthach a lódáil agus a dhílódáil, lena n-áirítear soláthar agus oibriú modhanna oiriúnacha chun é sin a dhéanamh, chomh maith le hiompar criúnna agus paisinéirí idir an t-aerárthach agus an críochfort, agus iompar bagáiste idir an t-aerárthach agus an críochfort.		
3.5 Soláthar agus oibriú na n-aonad oiriúnach chun an t-inneall a dhúiseacht.		
3.6 An t-aerárthach a bhogadh agus é ag teacht nó ag imeacht, chomh maith le soláthar agus oibriú feistí oiriúnacha.		
3.7 Iompar agus lódáil bhia agus deochanna ar an aerárthach agus as an aerárthach.		
4. Láimhseáil Breosla agus Ola		
4.1 Eagrúchán agus cur i gcrích oibríochtaí breoslaithe agus díbhreoslaithe, lena n-áirítear stóráil breosla agus rialú de cháilíocht agus de chainníocht na soláthairtí breosla.		
4.2 Ola agus leachtanna eile a athsholáthrú.		